3Ú hEAGRÁN

NYCI National Youth Council of Ireland

Clár um Chosaint Leanaí CNÓ

AG OBAIR GO SÁBHÁILTE I gCLUB ÓIGE

Treoir d'oibrithe óige maidir leis an gcaoi timpeallacht shábháilte a chruthú



Comhairle Náisiúnta na nÓg (CNÓ)

Is í Comhairle Náisiúnta na nÓg (CNÓ) an comhlacht ionadaíoch d'eagraíochtaí náisiúnta oibre óige deonaí in Éirinn. Déanann sí ionadaíocht do leasanna eagraíochtaí deonacha don aos óg agus tacaíonn sí leo, agus úsáideann sí a taithí chomhchoiteann chun gníomhú ar shaincheisteanna a bhaineann le daoine óga. www.youth.ie

An Clár Náisiúnta um Chosaint Leanaí

Tacaíonn an Clár Náisiúnta um Chosaint Leanaí le hearnáil na hoibre don ógra agus cuireann sé acmhainní ar fáil di lena freagrachtaí maidir le cumhdach leanaí a chomhlíonadh trí oiliúint, imeachtaí, spásanna comhroinnte cleachtais, acmhainní, comhairle agus tacaíocht a sholáthar. Tá sé ríthábhachtach dár gcuid oibre tacú le heagraíochtaí cur chuige uile-eagraíochta a ghlacadh agus cumhdach a leabú sna suíomhanna oibre óige ar fad.

Nóta Buíochais: Buíochas ó chroí le húdair na leaganacha roimhe seo den doiciméad seo: Olive Ring, Sophie Burford agus Siobhán Laffey.

Údar: Alexander Fay

Eagarthóir: Siobhán Laffey

Arna dhearadh ag: Eimear Fogarty

Maoiniú: Tá an clár seo maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Óige.

ISBN: 978-1-917818-05-6

Cloíonn CNÓ le Cód Rialachais an Rialálaí Carthanas in Éirinn agus shínigh sé Cód Iompair Dóchais maidir le hÍomhánna agus Teachtaireachtaí.

Uimhir Charthanais Chláraithe CHY 6823. Uimhir Chuideachta 58814

Foilsithe den chéad uair ag Comhairle Náisiúnta na nÓg sa bhliain 2015.

An 2ú heagrán sa bhliain 2021 ag Comhairle Náisiúnta na nÓg.

An 3ú heagrán sa bhliain 2026 ag Comhairle Náisiúnta na nÓg.


Gach ceart ar cosaint.

An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

Clár Ábhair

Réamhrá	**3**
Cód Iompair le Leanaí agus Daoine Óga a Fhorbairt	4
Freagra a Thabhairt ar Leanaí agus Daoine Óga a Sháraíonn an Cód Iompair	6
Measúnú Riosca a Chur i gCrích i gClub Óige	9
Foirmeacha Toilithe	11
Cóimheasa agus Tú ag Obair le Leanaí agus Daoine Óga	12
Obair Duine le Duine	14
Teagmháil Fhisiceach Chuí	16
Eolas a Thaifeadadh agus a Chomhroinnt	18
Cumarsáid a Dhéanamh le Tuismitheoirí/Cúramóirí	19
Cumarsáid Dhíreach a Dhéanamh le Leanaí agus Daoine Óga	21
Sábháilteacht Ar Líne agus na Meáin Shóisialta a Úsáid	23
Leanaí agus Daoine Óga a Iompar	25
Turas Lae nó Turas Cónaithe a Phleanáil	26
Turas Thar Lear a Phleanáil	28
Ag Obair le Leanaí agus Daoine Óga ag a bhfuil Riachtanais Bhreise nó atá faoi Mhíchumas	30
Ag Obair i gComhar le hEagraíochtaí Eile	32
Grianghrafadóireacht agus Físghrafaíocht	34
Cuireadh a Thabhairt d'Aíonna agus do Chainteoirí	35
Eolas, Acmhainní agus Oiliúint	36
Tuilleadh Eolais agus Tacaíochta	38

Gné lárnach den obair óige is ea timpeallachtaí sábháilte, cuimsitheacha agus tacúla a chruthú



Réamhrá


Tá freagracht chomhroinnte ar gach duine a oibríonn nó a dhéanann obair dheonach le leanaí agus daoine óga as a bhfolláine a chumhdach agus iad a chosaint ar dhíobháil. Tá sé lárnach d'obair óige agus do chearta leanaí agus daoine óga a chosaint go gcruthófaí timpeallachtaí sábháilte, cuimsitheacha agus tacúla.

Is treoir phraiticiúil í an acmhainn seo a tugadh cothrom le dáta dóibh siúd atá ag obair agus ag déanamh obair dheonach ar fud earnáil na hoibre don ógra chun tacú leo a bhfreagrachtaí maidir le cumhdach leanaí agus cosaint leanaí a thuiscint agus a chomhlíonadh. Tá sé mar aidhm léi treoir shoiléir, phraiticiúil a sholáthar chun cuidiú le hoibrithe óige agus le hoibrithe deonacha oibriú go sábháilte le leanaí agus daoine óga.

Tá seirbhísí oibre don aos óg in Éirinn éagsúil. Feidhmítear iad i réimse leathan suíomhanna, pobal agus struchtúr eagraíochtiúil. Cé go gceanglaítear ar gach seirbhís oibre óige Ráitis um Chumhdach Leanaí agus Beartas agus nósanna imeachta um Chumhdach Leanaí a bheith i bhfeidhm acu, téann cumhdach éifeachtach níos faide ná comhlíonadh beartais amháin. Éillítear leis machnamh leanúnach, dea-chleachtas, agus tiomantas comhroinnte chun cultúir a chruthú ina mothaíonn leanaí agus daoine óga sábháilte, go bhfuil meas orthu agus go n-éistear leo.

Tá an acmhainn seo deartha mar shraith bileoga treorach, agus díríonn gach ceann acu ar phríomhghnéithe an chleachtais cumhdaigh laistigh den obair óige. Tá sé beartaithe go gcuirfí an treoir seo le beartais agus nósanna imeachta atá laistigh d'eagraíochtaí cheana, rud a thacaíonn le seirbhísí chun a gcur chuige maidir le cumhdach a neartú agus a fhorbairt ar bhealaí atá oiriúnach dá gcomhthéacs sonrach. Ba cheart an fhaisnéis atá curtha ar fáil a bhreithniú agus a choigeartú de réir mar is gá chun teacht le cúinsí, riosca agus riachtanais aonair gach seirbhíse.

Tá súil againn go dtacaíonn an acmhainn seo leat i do chuid oibre, trí mhuinín a chothú laistigh de sheirbhísí agus i measc ball foirne agus oibrithe deonacha ina ngnáthobair laethúil agus cur le heispéiris níos sábháilte agus níos cumhachtaí do leanaí agus do dhaoine óga ar fud earnáil na hoibre don ógra.



Siobhán Laffey

Bainisteoir an Chláir Náisiúnta um Chosaint Leanaí

Comhairle Náisiúnta na nÓg (CNÓ)

Eanáir 2026



Treoir phraiticiúil chun cuidiú le hoibrithe óige agus le hoibrithe deonacha oibriú go sábháilte le leanaí agus daoine óga.

Cód Iompair le Leanaí agus Daoine Óga a Fhorbairt

Mínítear i gcód iompair cearta agus freagrachtaí gach duine sa chlub óige. Cuidíonn sé le leanaí agus le daoine óga a bhfuiltear ag súil leis uathu agus a bhféadfaidís a bheith ag súil leis ó dhaoine eile a thuiscint.

Chun go n-oibreoidh an cód ar bhealach maith:

- Ba chóir do leanaí agus do dhaoine óga cuidiú lena chruthú, le tacaíocht ó oibrí óige nó ó oibrí deonach.
- Nuair a bhíonn leanaí agus daoine óga páirteach, is mó seans go mbeidh meas acu ar an gcód agus go leanfaidh siad é.
- Le cód maith, cuirtear cothroime, meas agus atmaisféar dearfach chun cinn.

Céimeanna chun an Cód a Fhorbairt

1 Labhair agus socraigh le chéile

Pléigh an cód leis na leanaí/daoine óga i do ghrúpa. Lig dóibh smaointe a roinnt agus plé a dhéanamh ar na nithe ba chóir a chur ann.

2 Scríobh i dteanga shimplí é

Úsáid abairtí gairide agus seachain béarlagair ionas go dtuigfidh gach duine é.

3 Déan athbhreithniú air go rialta


Seiceáil an bhfuil an cód ag obair fós agus tabhair cothrom le dáta é más gá.

Cad ba chóir a bheith sa chód

- Cearta agus freagrachtaí na mball uile.
- An dóigh a spreagann an club iompraíocht agus cuidiú dearfach agus an dóigh a dtugtar luach saothair ina leith.
- Cén cineál iompraíochta nach nglactar leis.
- An dóigh a gcruthaíonn an club timpeallacht shábháilte dhearfach.
- Cur chuige an chlub maidir le freagairt d'iompraíocht atá in aghaidh an chóid.
- Cearta agus freagrachtaí maidir le gníomhaíochtaí ar líne.
- An dóigh a bhfáiltíonn an club roimh éagsúlacht agus difríocht.
- Conas bulaíocht a chosc agus déileáil le coimhlint.
- Úsáid fóin/gléis agus leanaí/daoine óga ag an gclub/seirbhís don aos óg.
- An dóigh a gcoinnítear tuismitheoirí/cúramóirí ar an eolas agus an dóigh a mbíonn siad páirteach.

- Sonraí faoin tacaíocht atá ar fáil do leanaí/dhaoine óga agus do thuismitheoirí/chúramóirí.
- An dóigh a ndéanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar an gcód.
- Aon rud eile a bhaineann go sonrach le do chlub/sheirbhís don aos óg a mheasann tú féin nó do leanaí/dhaoine óga go bhfuil sé tábhachtach go gcuirfí sa chód é.
- Naisc le beartais eagraíochtúla (leaganacha atá oiriúnach do dhaoine óga má tá siad ar fáil) agus tagairtí dóibh:
  - Frithbhulaíocht
  - Cumhdach Leanaí
  - Mí-úsáid Substaintí
  - Gearáin

Cuidíonn cód iompair le seirbhís don aos óg atá sábháilte agus measúil a chruthú ina bhfuil a gcearta agus a bhfreagrachtaí ar eolas ag gach duine, agus ina mothaíonn leanaí/daoine óga go bhfuil siad á gcosaint agus go bhfuil meas orthu.



Príomhleid:
Mínigh an cód do gach leanbh/duine óg agus a dtuismitheoir nuair a rachaidh siad isteach ann. Iarr orthu glacadh leis. Féach air le chéile ag eatraimh rialta.

Freagra a Thabhairt ar Leanaí agus ar Dhaoine Óga a Sháraíonn an Cód Iompair

Tá sé de cheart ag gach leanbh agus gach duine óg go gcaithfí leo le dínit, le meas agus le cothroime. Sa chuid roimhe seo, thugamar treoir maidir le Cód Iompair a chruthú le do ghrúpa ionas go dtuigfidh gach duine an méid a bhfuiltear ag súil leis uathu agus conas ba chóir dóibh iad féin a iompar agus caitheamh lena chéile sa ghrúpa.

Iompraíonn leanaí agus daoine óga iad féin corruair ar bhealach atá suaiteach, míchuí nó a théann i gcoinne an mhéid ar glacadh leis sa chonradh grúpa. Is féidir leis sin deacrachtaí a chruthú do na daoine mórthimpeall orthu. Aithnímid gur féidir le heispéiris dhíobhálacha san óige, tráma, strus, míchumas, nó néara-éagsúlacht tionchar a imirt ar iompraíocht, agus gur féidir leis a léiriú go bhfuil riachtanas nár sásaíodh ag an leanbh/duine óg nó go bhfuil sé/sí in anacair. Tá ról ag clubanna óige maidir le comhbhá agus tuiscint a chur chun cinn agus iad ag freagairt dóibh.

Is deis foghlama í sárú ar an gcód iompair, agus ba cheart go mbeadh sé mar aidhm lenár bhfreagairt i gcónaí tacú leis an leanbh/duine óg, seachas pionós a ghearradh air/uirthi, agus cuidiú leis an leanbh/duine óg a bheith rannpháirteach go sábháilte más féidir.

Bíonn tionchar mór ag freagairt oibrithe óige ar fholláine, ar shábháilteacht agus ar an atmaisféar sa chlub óige. Tá roinnt rudaí ba chóir smaoineamh orthu má tharlaíonn sé sin.

Prionsabail maidir le freagairt

- Dírigh ar an iompraíocht agus spreag tú féin chun machnamh a dhéanamh ar an gcúis a bhféadfadh an duine óg a bheith ag iompar é/í féin mar sin.
- Bain úsáid as cód iompair comhaontaithe an chlub agus do fhreagairt á treorú agat.
- Seachain freagairtí a chuireann náire, an milleán, náiriú ar dhaoine nó a eisíonn iad mura bhfuil siad fíor-riachtanach ar mhaithe le sábháilteacht gach duine.
- Ba chóir do na freagairtí a bheith:
  - Aoisoiriúnach
  - Comhréireach leis an iompraíocht
  - Comhsheasmhach, ach solúbtha do riachtanais aonair.
- Oibrigh mar fhoireann le do chomhoibrithe óige chun tacú le haon duine óg a ndeachthas i gcion air/uirthi.
- Glac nóta den teagmhas/na teagmhais agus den fhreagairt a glacadh chun comhsheasmhacht a chinntiú má tharlaíonn sé arís.

Freagra a Thabhairt

- Bí socair, measúil, agus neamh-bhreithiúnach i gcónaí.
- Bíodh aird agat ar do shiocracha féin. Rialaigh tú féin ar dtús.
- Dírigh ar an iompraíocht.
- Bí cinnte go bhfuil gach duine sábháilte.
- Tabhair am agus spás don leanbh/duine óg chun é/í féin a rialú más gá.

- Tairg go dtacóidh tú leis an leanbh/duine óg é/í féin a rialú más gá.
- Tabhair deis don leanbh/duine óg a dtuairim a thabhairt, ar bhealach a oireann dóibh.
- Éist go fiosrach: Cad é a tharla? Cad é atá ag tarlú duit?
- Cuimhnigh go bhféadfadh iompraíocht a bheith ina cineál cumarsáide, go háirithe do leanaí/dhaoine óga a bhfuil deacracht acu a mothúcháin a chur in iúl.
- Glac leis gur dócha go raibh strus ar an leanbh/duine óg nó gur bhain tráma leis/léi agus seachain gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh an cás a dhéanamh níos measa.
- Bí soiléir, daingean, intuartha agus tabhair mínithe soiléire.
- Más féidir, cuidigh leis an leanbh/duine óg tuiscint a fháil ar a ndeachaigh mícheart agus foghlaim conas freagairt níos sábháilte a thabhairt an chéad uair eile.

Torthaí Féideartha

- Más cuí, agus má cuireadh an oiliúint ábhartha ar fáil, bain úsáid as cuir chuige aisiríocha chun díobháil a dheisiú.
- Tacaigh leis an leanbh/duine óg chun:
  - Tionchar na hiompraíochta a thuiscint.
  - Freagracht a ghlacadh ar bhealach atá tacaithe.
  - Rudaí a cheartú más féidir, b'fhéidir trína leithscéal a ghabháil dá (h)iompraíocht agus/nó a (h)iompraíocht a mhíniú dóibh siúd lena mbaineann.
- Smaoinigh ar shos ón ngníomhaíocht nó ón ngrúpa. B'fhéidir go mbeadh spás de dhíth air/uirthi ar shiúl ón bpríomhghrúpa chun socrú síos nó tréimhse chiúin a bheith aige/aici.
- Smaoinigh an mbeadh sé ina chuidiú dá ndéanfadh oibrithe óige níos mó maoirseachta ar feadh tréimhse ama chun tacú leis an leanbh/duine óg.
- Úsáid socruithe aonair atá deartha i gcomhar leis an duine óg chun tacú leis/léi a (h)iompraíocht a rialú nó a riachtanais a chur in iúl ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh sa chlub.
- Tacaíocht bhreise nó saintacaíocht ó eagraíocht nó gníomhaireacht eile, lena chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais an duine óig i gceart.
- Smaoinigh an bhfuil gá coigeartuithe a dhéanamh ar an gcód iompair.
- Níor cheart eisiamh sealadach nó buan ón gclub a mheas ach mar rogha dheireanach amháin, agus ba chóir é a dhéanamh i gcomhairle iomlán le hoibrithe óige eile, le tuismitheoirí/cúramóirí an duine óig, agus leis an duine óg é/í féin.

*** Ba chóir go mbeadh an fhreagairt comhréireach leis na gníomhaíochtaí i gcónaí, í a fhorchur a luaithe is féidir, agus í a mhíniú go hiomlán don duine óg agus dá dtuismitheoirí/gcúramóirí.**

Má chuireann an iompraíocht daoine eile i mbaol

- Tabhair an duine óg nó an leanbh ar shiúl ón gcás más gá.
- Bog go dtí áit níos ciúine inar féidir le daoine eile tú a fheiceáil fós.
- Mínigh go soiléir an fáth nach bhfuil an iompraíocht sábháilte nó inghlactha.
- Taifead an teagmhas go soiléir.
- Má tá duine i mbaol láithreach díobhála, cinntigh go ngníomhóidh tú go gasta chun daoine eile a choinneáil slán agus cuir do Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) ar an eolas faoi aon ábhair imní a bhaineann le cumhdach.
- Smaoinigh an bhfuil measúnú riosca ag teastáil chun cuidiú le bealaí chun tacú leis an leanbh/duine óg a shainaithint agus cinntigh go bhfuil bearta sonracha i bhfeidhm chun gach duine a choinneáil sábháilte.

Ag obair le tuismitheoirí/cúramóirí

- Déan teagmháil le tuismitheoirí/cúramóirí má leanann an iompraíocht ar aghaidh nó má éiríonn sí níos measa.
- Má tharlaíonn rud éigin tromchúiseach, ba chóir na tuismitheoirí/cúramóirí a chur ar an eolas láithreach, a luaithe a bheidh sé ar mhaithe leis an leanbh/duine óg déanamh amhlaidh.
- Tabhair eolas faoin gcás ar bhealach measúil, nach gcuireann náire ar an duine óg.
- Dírigh ar réitigh a aimsiú le chéile.

Níor chóir an méid seo a leanas a cheadú choíche mar bhealach chun iompraíocht linbh/duine óig a bhainistiú:

- Pionós corpartha nó bagairt go ngearrfar an cineál sin pionóis.
- Diúltú labhairt leis an leanbh/duine óg nó bheith ag caidreamh leis/léi.
- Bia, uisce, rochtain ar leithris nó áiseanna riachtanacha eile a bhaint dó/di.
- Imeaglú a chur air/uirthi ó bhéal, bheith ag magadh air/uirthi nó é/í a náiriú.

Príomhleid:
Fiafraigh 'cad atá ag tarlú don leanbh/duine óg seo?' seachas 'cén riail a briseadh?'.



Measúnú Riosca a Chur i gCrích i gClub Óige

Cuidíonn measúnú riosca leat aon rud a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do leanaí/dhaoine óga a aithint agus pleananna a chur i bhfeidhm chun gach duine a choinneáil sábháilte. Ba chóir go mbeadh sé mar chuid de phleanáil do chláir agus go ndéanfá athbhreithniú air go rialta.

Tá measúnuithe riosca ar siúl. Athraíonn cúinsí, d'fhéadfadh sé go mbeadh gníomhaíochtaí nó turais nua pleanáilte, mar sin tabhair do mheasúnú riosca cothrom le dáta más gá.

Cén fáth a ndéanfá measúnú riosca?

- Chun leanaí, daoine óga, oibrithe óige agus oibrithe deonacha a chosaint ar dhíobháil.
- Chun rioscaí i ngníomhaíochtaí, i dturais agus in oibríochtaí laethúla a shainaithint.
- Lena chinntiú go bhfuil bearta i bhfeidhm chun rioscaí a laghdú.

Cúig Chéim maidir le Measúnú Riosca

1 **Guaiseacha a shainaithint:**

Is éard is guais ann na aon rud a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh. Is éard is riosca ann ná an seans, ard nó íseal, go ndéanfaí díobháil do dhuine éigin de bharr na guaise.

2 **Aithin cé a bhféadfadh sé go ndearnadh díobháil dó/di agus conas a tharla an díobháil sin**

Smaoinigh ar:

- Leanaí agus daoine óga
- Oibrithe óige agus oibrithe deonacha
- Cuairteoirí

Cuimhnigh

d'fhéadfadh grúpaí áirithe leanaí/daoine óga a bheith níos leochailí i leith rioscaí áirithe mar gheall ar a gcúinsí, agus ba cheart machnamh cuí a dhéanamh air sin.

I measc na samplaí, tá leanaí/daoine óga:

- atá faoi mhíchumas
- atá gan dídean
- atá ó chúlraí éagsúla eitneacha/mionlaigh a ndéantar idirdhealú orthu
- atá faoi chúram
- atá ina gcuid den phobal LADT+.

Príomhleid:
Tabhair páirt do leanaí/dhaoine óga, baill foirne agus oibrithe deonacha i gcúrsaí. Cuidíonn dearcthaí difriúla le rioscaí difriúla a shainaithint.

3 Déan anailís ar an riosca

Maidir le gach guais, cuir ceist:

- Cé chomh dóchúil agus atá sé go dtarlóidh díobháil?
- Cé chomh tromchúiseach agus a bheadh sé?
- An bhfuil aon rud a d'fhéadfá a dhéanamh chun an dóchúlacht nó an tionchar a laghdú?

Scóráil nó rangaigh gach riosca agus luaigh an chúis atá taobh thiar de do chinneadh.

4 Pleanáil Gníomhartha. Déan Athbhreithniú Air.

Cinn:

- Cad ba chóir a dhéanamh
- Cé a dhéanfaidh é
- Cá huair a dhéanfar é

Roinn an plean le gach oibrí óige, oibrí deonach agus aon duine eile atá ábhartha. Ná fág faoi dhuine amháin é.

5 Déan athbhreithniú air go rialta

Fiafraigh:

- An bhfuil an plean ag obair?
- An bhfuil sé cothrom le dáta?

Déan mír bhuan den mheasúnú riosca ag cruinnithe.

Réimsí le Cur san Áireamh

- Rioscaí maidir le cumhdach
  - Iompraíocht mhíchuí
  - Easpa maoirseachta
  - Sábháilteacht ar líne
- Riosca sábháilteachta agus sláinte
  - Turais agus cuairteanna
  - Socruithe iompair
  - Sábháilteacht dóiteáin
  - Soláthar garchabhrach
  - Gortú/tinneas
- Rioscaí eile
  - Bulaíocht
  - Mí-úsáid substaintí
  - Éigeandálaí



Aithin cad.
Aithin cé.
Aithin conas.

Pleanáil Gníomhartha.

Foirmeacha Toilithe

Cuidíonn foirmeacha toilithe le leanaí agus daoine óga a choinneáil sábháilte. Taispeánann siad go dtuigeann tuismitheoirí nó cúramóirí an ghníomhaíocht agus go n-aontaíonn siad lena leanbh páirt a ghlacadh inti.

An fáth a bhfuil foirmeacha toilithe tábhachtach

- Deimhnítear leo go bhfuil tuismitheoirí nó cúramóirí ar an eolas go hiomlán.
- Tugtar cead leo do leanbh nó do dhuine óg páirt a ghlacadh i gclár, in imeacht nó i dturas.
- Cuidíonn siad le hoibrithe óige agus le hoibrithe deonacha.

Cad atá le cur san áireamh i bhfoirm thoilithe

- Ainm d'eagraíochta.
- Ainm agus cuspóir an ghrúpa, na gníomhaíochta, an imeachta nó an turais.
- Ainm, seoladh agus dáta breithe an linbh nó an duine óig.
- Ainmneacha agus uimhreacha teagmhála tuismitheoirí nó cúramóirí.
- Sonraí teagmhála éigeandála mura féidir teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí nó cúramóirí.
- Eolas leighis nó cothaithe.
- Aon ailléirgí, riachtanais inrochtaineachta, nó riachtanais tacaíochta.

Cead le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha, amhail:

- Turais nó cuairteanna
- Grianghrafadóireacht nó físeán
- Bealaí ar féidir leis an gclub teagmháil a dhéanamh leis an duine óg
- Rannpháirtíocht nó gníomhaíochtaí ar líne

Sínithe ó:

- Tuismitheoir nó cúramóir
- An duine óg (más cuí)

*** Úsáid foirmeacha toilithe soiléire ina bhfuil na sonraí tábhachtacha go léir. Cinntigh go dtuigeann na tuismitheoirí nó na cúramóirí, agus an duine óg féin más cuí, gach gníomhaíocht agus go n-aontaíonn siad léi.**

Pointí tábhachtacha maidir le toiliú

Ní mór don toiliú a bheith:

1 Eolasach
Tá a fhios ag an tuismitheoir nó ag an gcúramóir cad atá i gceist leis an ngníomhaíocht.

2 Sonrach
Clúdaíonn sé an ghníomhaíocht nó an t-imeacht beacht.

3 Faoi cheangal ama
Beidh sé bailí ar feadh tréimhse shocraithe, mar shampla, ar feadh bliana nó ar feadh clár amháin.

Más féidir, bíodh an leanbh nó an duine óg páirteach sa phróiseas má tá siad sean go leor lena thuiscint. Éist lena dtuairimí agus bíodh meas agat ar a roghanna.

Príomhleid:
Athbhreithnigh agus athnuaigh foirmeacha toilithe gach bliain nó nuair a thosaíonn gníomhaíocht nó clár nua.

Cóimheasa agus Tú ag Obair le Leanaí agus Daoine Óga

Níl aon chóimheas amháin ann a oireann do gach gníomhaíocht le leanaí agus daoine óga.

Braitheann cóimheasa ar an méid seo a leanas:

- An cineál gníomhaíochta
- Aois agus riachtanais an ghrúpa
- An láthair agus an suíomh

Cuidíonn pleanáil mhaith le gach duine a choinneáil sábháilte agus tacaithe, agus ba chóir go dtreoródh na prionsabail chleachtais sin tú agus tú ag cinneadh cad atá ceart do do ghrúpa:

Príomhphrionsabail

- Cinntigh i gcónaí go bhfuil dóthain daoine fásta ann ionas go mbeidh na gníomhaíochtaí sábháilte, spraíúil agus cuimsitheach i gcónaí.
- Mar threoir ghinearálta, is é seo a leanas an cóimheas íosta: 1 duine fásta do gach ochtar daoine óga, **agus 1 duine fásta breise.**
- Cuir duine fásta amháin sa bhreis leis do gach grúpa breise d'ochtar daoine óga.

Agus tú ag cinneadh na gcóimheas, smaoinigh ar an méid seo a leanas:

- Aois an ghrúpa
- Riachtanais agus cumais na ndaoine óga
- Taithí na n-oibrithe óige agus na n-oibrithe deonacha
- Láthair agus cineál na gníomhaíochta

Má tá daoine óga d'inscní éagsúla i do ghrúpa, déan iarracht páirt a thabhairt do dhaoine fásta na n-inscní sin sa mhaoirseacht chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar áitribh.

Cá huair a bhíonn níos mó daoine fásta de dhíth?

B'fhéidir go mbeadh níos mó daoine fásta de dhíth ort i gcásanna amhail:

- Cónaithe agus turais thar lear
- Turais ar shiúl ó do ghnáthionad
- Gníomhaíochtaí ardriosca, mar shampla snámh nó gníomhaíochtaí eachtraíochta
- Gníomhaíochtaí ina bhféadfadh cúram a bheith ag teastáil ó dhuine óg ar shiúl ón bpríomhghrúpa
- Grúpaí lena n-áirítear daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise nó fadhbanna sláinte acu nó atá faoi mhíchumas a bhféadfadh freagairt thapa a bheith de dhíth orthu, mar shampla titimeas.

An gcuirtear ceannairí sóisearacha san áireamh mar chóimheasa?


Is féidir le daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois gníomhú mar cheannairí sóisearacha. Is féidir leis sin cuidiú leo freagracht a fhorbairt agus scileanna ceannaireachta a fhorbairt.

Mar sin féin:

- Níor chóir ceannairí sóisearacha faoi bhun 18 mbliana d'aois a áireamh i gcroíchóimheas na ndaoine fásta.
- Níor chóir go mbeadh freagracht iomlán orthu as grúpa leanaí nó daoine óga.
- Ba chóir go mbeadh sé sin soiléir do gach ceannaire sóisearach, oibrí óige agus oibrí deonach.



1 duine fásta: ochtar daoine óga + 1 duine fásta breise



Príomhleid:
Déan pleanáil roimh ré ar eagla nach féidir le hoibrí óige nó le hoibrí deonach freastal ar gearrfhógra, mar go bhféadfadh sé sin dul i gcion ar do chóimheasa.

Obair Duine le Duine

Go ginearálta, i suíomhanna oibre óige, is féidir obair duine le duine le leanbh nó le duine óg a dhéanamh ar dhá bhealach:

1 **Freagairt do chás**

- Iarrann leanbh nó duine óg labhairt leat go príobháideach gan rabhadh.
- Caithfidh leanbh nó duine óg am a chaitheamh ar shiúl ó ghrúpa.
- Tá éigeandáil leighis ag leanbh nó ag duine óg.

2 **Obair phleanáilte**

- Clár nó gníomhaíocht struchtúrtha a bhaineann le seisiúin aonair agus atá ina chuid de phlean oibre réamhaontaithe idir an leanbh nó an duine óg, a t(h)uismitheoirí nó a c(h)úramóirí, an eagraíocht, agus an t-oibrí óige.

Treoirlínte maidir le freagairt do chás

- Más féidir, buail le chéile in áit oscailte inar féidir le daoine eile tú a fheiceáil.
- Mura féidir é sin a dhéanamh:
  - Bain úsáid as seomra ar a bhfuil fuinneog nó coinnigh an doras oscailte.
  - Roghnaigh spás a bhfuil daoine eile in aice leis.
- Inis do bhall foirne eile nó d'oibrí deonach go bhfuil an cruinniú ar siúl agus an chúis leis.
- Coinnigh taifead scríofa gairid ina mbeidh an méid seo a leanas:
  - Ainmneacha
  - Dáta agus am
  - Láthair
  - Cúis leis an gcruinniú
  - Toradh
- Ná bí i bhfoirgneamh leat féin le leanbh nó le duine óg.
- Buail le chéile ag am oiriúnach (ní mall san oíche ná lasmuigh den láthair).

Treoirlínte maidir le hObair Phleanáilte

- Ba chóir go mbeadh an méid seo a leanas sa chlár:
  - Cuspóir agus aidhmeanna soiléire.
  - Modh agus plean measúnaithe.
  - Plean oibre scríofa.
- Cuir struchtúr maoirseachta i bhfeidhm chun tacú leis an oibrí óige agus leis an duine óg.
- Faigh toiliú i scríbhinn ó thuismitheoirí nó ó chúramóirí don obair duine le duine.
- Coinnigh clár ina mbeidh an méid seo a leanas:
  - Ainm, seoladh, agus uimhir fóin.
  - Aon riachtanais shonracha.
  - Taifead tinrimh.
  - Sonraí teagmhála éigeandála.
- Glac leis agus lean cód iompair don oibrí óige nó don oibrí deonach agus don leanbh nó don duine óg.



*** Ba chóir go mbeadh cruinnithe duine le duine infheicthe agus doiciméadaithe. Nuair a bheidh siad pleanáilte, ba chóir iad a chomhaontú le tuismitheoirí nó le cúramóirí. Cuidíonn sé sin lena chinntiú go mothóidh an duine óg agus an t-oibrí nó an t-oibrí deonach sábháilte agus go bhfuil tacaíocht á tabhairt dóibh.**

Príomhleid:
Inis don leanbh nó don duine óg cé leis ar féidir leo labhairt má mhothaíonn siad míchompordach nó má bhíonn imní orthu faoi bheith leo féin le duine fásta.

Teagmháil fhisiceach chuí

Bíonn teagmháil fhisiceach i gceist le roinnt gníomhaíochtaí oibre óige. D'fhéadfadh cuidiú i gcúrsaí spóirt, tacú le duine óg a bhfuil a s(h)oghluaisteacht lagaithe, nó garchabhair a thabhairt a bheith i gceist leis sin.

Prionsabail ghinearálta

- Ná húsáid teagmháil fhisiceach ach amháin má tá sé mar chuid de do ról agus de d'fhreagrachtaí comhaontaithe.
- Ba chóir go bhfreastalóidh teagmháil fhisiceach ar riachtanais an linbh nó an duine óig, ní ar riachtanais an duine fásta.
- Ná húsáid pionós corpartha le leanaí ná le daoine óga choíche.
- Ná húsáid fórsa fisiceach mar fhreagairt ar mhí-iompraíocht, ach amháin i gcásanna an-annamh ina bhfuil gá duine éigin a shrianadh chun díobháil láithreach a chosc.

Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh ort duine óg a bhogadh má tá siad i mbaol láithreach agus nach dtuigeann siad go bhfuil.

Ag labhairt leis an duine óg

Nuair a bhíonn teagmháil fhisiceach de dhíth:

- Mínigh cad a dhéanfaidh tú agus an chúis leis sin.
- Iarr cead ar an leanbh nó ar an duine óg, murar cás éigeandála atá ann.

Mar shampla, agus garchabhair á tabhairt agat:

- Mínigh cá háit ar gá duit teagmháil a dhéanamh agus cad is gá duit a dhéanamh, mar shampla, gearradh a ghlanadh agus plástar nó bindealán a chur air.
- Fiafraigh den duine óg an bhfuil sé sin ceart go leor.

Cén cineál teagmhála nach bhfuil oiriúnach

Níor chóir go mbeadh teagmháil fhisiceach i gceist le:

- Réigiún na mball giniúna
- An tóin
- Cíocha
- Réigiún ar bith eile a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le crá nó náire

Cá háit ar cheart teagmháil fhisiceach tarlú

- Déan iarracht teagmháil fhisiceach a dhéanamh i spás oscailte nó infheicthe.
- Seachain cásanna ina dtarlaíonn teagmháil fhisiceach faoi rún nó in áit nach féidir le duine ar bith eile í a fheiceáil.
- Bí tuisceanach maidir le cultúr, reiligiún agus inscne agus teagmháil fhisiceach á tairiscint agat.
- Bíodh duine eile i láthair más féidir agus más iomchuí don chás.

Tacaíocht a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga faoi mhíchumas

D'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht fhisiceach shonrach de dhíth ar leanaí agus ar dhaoine óga áirithe faoi mhíchumas.

- Lean na treoirlínte agus an oiliúint ábhartha go léir maidir le sláinte agus sábháilteacht.
- Nuair a bhíonn tú ag ardú duine óg nó ag tacú le duine óg, caith leis/léi le dínit agus le meas.
- Mínigh cad atá á dhéanamh agat agus an chúis leis, más féidir.
- Tabhair páirt don duine óg agus dá t(h)uismitheoirí nó dá c(h)úramóirí nuair atá tacaíocht á pleanáil.
- Agus duine óg faoi mhíchumas fisiceach á clárú agat, cinntigh go bpléifidh tú a g(h)á le tacaíocht fhisiceach ag an gclárú agus go gcuirfidh tú in iúl cad is féidir le baill foirne nó oibrithe deonacha tacú leis.

Leanbh nó duine óg atá faoi mhíchumas a chur ar a s(h)uaimhneas

D'fhéadfadh sé go mbeadh leanbh nó duine óg ag iarraidh go gcuirfí ar a s(h)uaimhneas é/í corruair.

- Smaoinigh go cúramach ar a bhfuil oiriúnach agus aoisoiriúnach.
- Ná glac leis go mbeidh gach duine óg ag iarraidh teagmháil fhisiceach nuair a bhíonn siad trína chéile.
- Bíodh meas agat ar cad ba mhian leo má dhiúltaíonn siad dó sin nó má bhogann siad ar shiúl.
- Cuimhnigh go bhfuil toiliú ríthábhachtach.

Ba chóir d'oibrithe óige a chinntiú nach mbeidh teagmháil fhisiceach rialta nó neamhriachtanach ina gnáthrud sa chlub, go háirithe leis an duine óg céanna le himeacht ama. Ba chóir go mbeadh treoir shoiléir i do chód iompair d'oibrithe óige maidir le teagmháil chuí agus mhíchuí.

Tá aon chineál pionóis chorpartha mídhleathach. Ba chóir go mbeadh teagmháil fhisiceach teoranta, measúil, agus nach n-úsáidfear í ach amháin nuair is gá chun tacú le leanbh nó le duine óg nó chun é/í a chosaint.

Príomhleid:
Spreag leanaí agus daoine óga chun labhairt amach má mhothaíonn siad míchompordach nó i gcontúirt mar gheall ar aon teagmháil fhisiceach.



Eolas a Thaifeadadh agus a Chomhroinnt

I gcás go dtagann ábhar imní chun cinn, go ndéantar nochtadh nó líomhain, nó go dtuairiscítear teagmhas, tá sé an-tábhachtach é sin a scríobh síos a luaithe is féidir. Bíonn feidhm aige sin cibé acu an dtuairiscítear nó nach dtuairiscítear an t-ábhar imní do Tusla nó don Gharda Síochána níos déanaí.

Dea-chleachtas maidir le tuairiscí scríofa

Maidir le tuairiscí scríofa:

- Ba chóir dóibh a bheith fíorasach, comhsheasmhach agus cruinn.
- Ba chóir iad a scríobh síos a luaithe is féidir i ndiaidh an teagmhais nó an ábhair imní.
- Seachain tuairimí mura bhfuil sé marcáilte go soiléir gur tuairimí atá iontu.

Má bhíonn tú ag scríobh de láimh:

- Scríobh go soiléir, ionas go mbeidh sé éasca an téacs a léamh.
- Ná húsáid sreabhán ceartúcháin.
- Bain úsáid as dúch dorcha ionas gur féidir é a fhótachóipeáil más gá.

Ní sárú ar rúndacht ná ar rialacha cosanta sonraí é eolas a thabhairt do Tusla nó don Gharda Síochána chun leanbh a chosaint.

Má bhíonn tú ag scríobh ar ríomhaire:

- Ná húsáid do ghléas pearsanta féin.
- Cinntigh go stóráiltear taifid ar bhealach oiriúnach slán.
- Cinntigh nach féidir ach leis na daoine ábhartha rochtain a fháil air.

Maidir le gach tuairisc:

- Ba chóir go mbeadh dáta agus am iontu.
- Ba chóir go mbeadh siad sínithe, agus an t-ainm clóite go soiléir nó éasca a aithint ar shlí eile.

Eolas a stóráil

- Coinnigh aon litreacha, ríomhphoist nó taifid chumarsáide sa bhreis a bhaineann le hábhar imní maidir le cosaint leanaí nó cumhdach leanaí leis an bpríomhthuairisc.
- Stóráil tuairiscí in áit atá slán agus sábháilte, ar pháipéar nó go leictreonach.
- Cinn cé hiad na daoine a fhéadfaidh rochtain a fháil ar na tuairiscí agus cad iad na coinníollacha a bheidh i gceist.
- Ba chóir rochtain a theorannú do dhaoine a dteastaíonn an t-eolas uathu chun a ról a chomhlíonadh.
- Ba chóir é sin a shainiú go soiléir i mbeartas do gach ball foirne agus oibrí deonach.

Ba chóir tuairiscí agus taifid a choinneáil chomh fada agus is gá agus de réir mar a cheanglaítear le beartais d'eagraíochta agus i gcomhréir le ceanglais RGCS. Coinnítear taifid chosanta leanaí go buan. Mura bhfuil tú cinnte faoi rud ar bith maidir leis sin, iarr ar chomhairle.

Tuilleadh tacaíochta:
Le Clár um Chosaint Leanaí CNÓ, soláthraítear oiliúint maidir le 'Freagairt do Nochtaí' chun na scileanna agus an t-eolas is gá a thabhairt duit chun freagairt do leanbh nó do dhuine óg a nochtann eispéireas díobhálach nó mí-úsáide.

Cumarsáid a dhéanamh le Tuismitheoirí/ Cúramóirí

Cuireann cumarsáid shoiléir dhearfach le tuismitheoirí/cúramóirí le muinín a chothú agus tacaíonn sí le rannpháirtíocht daoine óga agus leanaí i do chlub óige!

Áirítear le cumarsáid mhaith:

- Bheith soiléir faoi na gníomhaíochtaí atá ar siúl; cá huair, cá háit, agus cén fáth freisin.
- Tuismitheoirí/cúramóirí a chur ar an eolas faoi na rudaí a theastaíonn uait uathu, amhail eolas teagmhála éigeandála, toiliú maidir le gníomhaíochtaí áirithe, nó sonraí faoi aon tacaíochtaí breise a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar a leanbh.
- Eolas a roinnt le fógra cuí, go háirithe má tá ar thuismitheoirí/chúramóirí a leanbh a bhailiú nó a fhágáil ag d'ionad.
- Bheith oscailte do cheisteanna nó d'aiseolas a d'fhéadfadh a bheith ag tuismitheoirí/ cúramóirí faoi chineál d'eagraíochta nó na ngníomhaíochtaí atá beartaithe agat.
- Éisteacht go gníomhach agus ag freagairt d'aon ábhar imní nó ceisteanna agus freagairtí úsáideacha a thabhairt.
- An fhaisnéis uile faoin leanbh/duine óg agus a dteaghlach a láimhseáil ar bhealach rúnda agus íogair.

Faisnéis ba chóir a roinnt le tuismitheoirí/cúramóirí

- Misean, éiteas agus luachanna, agus cleachtais do chlub óige.
- Beartais agus nósanna imeachta, lena n-áirítear an Cód Iompair d'oibrithe óige/d'oibrithe deonacha, an Ráiteas um Chumhdach Leanaí, an beartas um chumhdach leanaí (leaganacha inrochtana más féidir).
- Conradh grúpa do leanaí/dhaoine óga ina leagtar amach an iompraíocht a bhfuiltear ag súil léi uathu nuair atá siad sa chlub óige.
- Aon fhaisnéis a bhaineann go sonrach leis an gclár má tá siad ag glacadh páirt i gclár nó i dtionscadal struchtúrtha (m.sh. tionscadal atreoraithe óige, clár meantóireachta srl.).
- Eolas mionsonraithe faoi aon turais nó gníomhaíochtaí a bhfuil toiliú sonrach ag teastáil ina leith, amhail turas thar lear nó gníomhaíocht spóirt amhail cairtíneacht.
- Ní mór iad a chur ar an eolas freisin faoi aon saincheisteanna a thiocfadh chun cinn dá leanbh, nuair a mheastar gurb é sin leas an linbh ar aon dul le do bheartas um chumhdach leanaí.

Eolas a theastaíonn ó thuismitheoirí/chúramóirí

- Toiliú dá leanbh chun freastal ar do chlub óige.
- An t-eolas seo a leanas faoin leanbh/duine óg:
  - Seoladh
  - Dáta Breithe
  - Riachtanais chothaithe
  - Riachtanais leighis
  - Aon chúinsí ba chóir a bheith ar an eolas fúthu chun tacú leis an leanbh/duine óg
- Sonraí teagmhála do thuismitheoirí/chúramóirí.
- Sonraí teagmhála do dhuine fásta freagrach eile i gcás éigeandála agus mura féidir teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí/cúramóirí.

*****

Ba chóir an t-eolas uile faoin leanbh/ duine óg agus a dteaghlach a láimhseáil ar bhealach rúnda agus íogair.



Príomhleid:
Chun cuidiú leat leagan de do bheartas um chumhdach leanaí a fhorbairt, féach ar ár bhFoireann Uirlisí maidir le Beartas um Chumhdach Leanaí a Fhorbairt

Cumarsáid Dhíreach a Dhéanamh le Leanaí agus Daoine Óga

Tá cumarsáid mhaith lárnach d'obair óige shábháilte agus éifeachtach. I bhformhór na gcásanna, beidh gach cumarsáid a bhaineann le rannpháirtíocht linbh nó duine óig i do sheirbhís lena t(h)uismitheoir/c(h) úramóir. Mar sin féin, b'fhéidir go gcinnfeá cumarsáid a dhéanamh go díreach le daoine óga níos sine a luaithe a shroichfidh siad aois áirithe. I gcás daoine óga níos sine, is féidir go mbeadh cumarsáid dhíreach thar a bheith tábhachtach mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Aithnítear a neamhspleáchas agus a gcumas atá ag méadú
- Tacaítear lena rannpháirtíocht i gcinnteoireacht
- Cuidítear leo ullmhú le haghaidh freagrachtaí duine fhásta
- Cuirtear neamhspleáchas chun cinn agus tacaíocht agus coimircí cuí á gcur ar fáil.

Ba cheart cumarsáid dhíreach a chothromú le freagrachtaí cosanta pearsanta i gcónaí agus ba chóir go mbeadh sí aoisoiriúnach, oiriúnach do riachtanais agus do chúinsí an duine óig. Ba chóir go mbeadh gach cumarsáid oiriúnach, gairmiúil, trédhearcach agus comhsheasmhach le do ról mar oibrí óige nó mar oibrí deonach. Smaoinigh ar an méid seo a leanas agus tú ag cinneadh ar chóir duit cumarsáid a dhéanamh go díreach le leanaí agus daoine óga.

Aois agus Tuiscint an Duine Óig

Déan cumarsáid a oiriúnú d'aois, d'aibíocht agus do thuiscint an duine óig i gcónaí.

- Bain úsáid as teanga shoiléir shimplí.
- Ná húsáid béarlagair nó mínithe casta.
- Seiceáil go dtuigeann an duine óg cad atá á rá agat.
- Bí soiléir faoi theorainneacha, toiliú agus rúndacht.

*****

Bí soiléir, aoisoiriúnach, agus trédhearcach.

Toiliú agus Trédhearcacht

Ba chóir go dtuigfeadh na daoine óga an méid seo a leanas:

- Cén fáth a bhfuil tú ag déanamh cumarsáide leo.
- Cad faoi a bhfuil an chumarsáid.
- Cé chomh minic agus a bheidh tú i dteagmháil.
- Faigh toiliú ón duine óg agus óna t(h)uismitheoir/c(h)aomhnóir sula ndéanfaidh tú teagmháil dhíreach leo.
- Lean beartas d'eagraíochta maidir le toiliú agus cumarsáid.
- Bí soiléir faoi na teorainneacha maidir le rúndacht, go háirithe má thagann ábhar imní maidir le cumhdach chun cinn.

Ná cuir brú ar dhuine óg cumarsáid a dhéanamh ar bhealach nach bhfuil siad compordach leis choíche.

Modh cumarsáide a roghnú

Ná húsáid ach modhanna cumarsáide atá ceadaithe ag d'eagraíocht agus atá riachtanach do do ról.

I measc na modhanna coitianta, tá glaonna fóin, teachtaireachtaí téacs, ríomhphoist nó aipeanna teachtaireachtaí amhail WhatsApp. Agus modh á roghnú agat, smaoinigh ar an méid seo a leanas i gcónaí:

- An bhfuil an modh sin oiriúnach d'aois an duine óig?
- An bhfuil sé riachtanach agus oiriúnach?
- An laghdaíonn sé rioscaí cumhdaigh?
- An féidir cumarsáid a fheiceáil, a thaifeadadh, nó a sheiceáil más gá?
- An gá dom cumarsáid a dhéanamh leis an ngrúpa nó le gach duine aonair?
- Má shocraím grúpa a bhunú chun eolas a roinnt:
  - cad iad na teorainneacha nó na ceadanna is féidir a chur ar an aip teachtaireachtaí chun comhroinnt ábhair mhíchuí ag baill an ghrúpa a laghdú?
  - An bhfuil gach ball den ghrúpa faoi bhun 18 mbliana d'aois?
  - An gá dúinn an dóigh a n-úsáidfear an grúpa sin le daoine óga a phlé agus conradh grúpa a chomhaontú?

Aipeanna teachtaireachtaí a úsáid

Má cheadaíonn d'eagraíocht aipeanna teachtaireachtaí (mar shampla WhatsApp):

- Bain úsáid astu go príomha le haghaidh eolas praiticiúil, amhail amanna, láithreacha, nó meabhrúcháin.
- Bíodh na teachtaireachtaí gairmiúil, soiléir agus measúil i gcónaí.
- Seachain comhráite príobháideacha nó leanúnacha duine le duine.
- Ná seol teachtaireachtaí mall san oíche ná lasmuigh d'amanna comhaontaithe.
- Ná húsáid gléasanna pearsanta chun teachtaireachtaí a sheoladh.
- Úsáid comhráite grúpa agus cuntais oibre.
- Coinnigh taifid chumarsáide i gcomhréir le beartas d'eagraíochta.

Na Meáin Shóisialta

Ba chóir d'oibrithe óige agus d'oibrithe deonacha a bheith cúramach agus iad ag úsáid na meán sóisialta agus beartas agus nósanna imeachta d'eagraíochta a leanúint. Áirítear ar phrionsabail ghinearálta:

- Ná déan teagmháil le daoine óga trí chuntais phearsanta na meán sóisialta.
- Ná húsáid teachtaireachtaí príobháideacha na meán sóisialta chun cumarsáid a dhéanamh le daoine óga.
- Coinnigh saol pearsanta agus gairmiúil ar líne ar leithligh.

Meabhrúcháin maidir le Cumhdach

Ba chóir do chumhdach gach cumarsáid le daoine óga a threorú i gcónaí agus ba chóir é a chur i do mheasúnú riosca maidir le cumhdach. Ba chóir go mbeadh treoirlínte dochta i bhfeidhm atá soiléir do chách.

Sula ndéanfaidh tú cumarsáid, cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin:

- An bhfuil an chumarsáid seo riachtanach?
- An bhfuil sé oiriúnach agus gairmiúil?
- An mbeinn i mo shuaimhneas dá bhfeicfeadh daoine eile an teachtaireacht seo?

Príomhleid:
Roghnaigh modhanna cumarsáide sábháilte i gcónaí a chosnaíonn an duine óg agus an t-oibrí óige/oibrí deonach araon.

Sábháilteacht Ar Líne agus na Meáin Shóisialta a Úsáid

Is féidir le spásanna ar líne tacú le foghlaim, cruthaitheacht agus dáimh in obair óige. Is féidir leo rioscaí do phríobháideacht, do shábháilteacht agus d'fholláine a chruthú freisin.

Sábháilteacht ar líne a chur chun cinn

Ba chóir d'oibrithe óige agus d'oibrithe deonacha iompraíocht shábháilte agus fhreagrach ar líne a chur chun cinn go gníomhach.

- Bí cinnte go dtuigeann oibrithe óige agus oibrithe deonacha na beartais agus nósanna imeachta maidir le sábháilteacht ar líne na heagraíochta agus go leanann siad iad.
- Ná húsáid ach ardáin cheadaithe shlána le haghaidh gníomhaíochtaí ar líne.
- Socraigh socruithe príobháideachta agus slándála cuí ar gach ardán agus gléas atá in úsáid.
- Spreag daoine óga chun smaoineamh go cúramach sula ndéanfaidh siad ábhar a phostáil nó a roinnt, agus gan eolas pearsanta a roinnt ar líne amhail a seoladh, a scoil, nó a n-uimhir fóin.
- Labhair go hoscailte le daoine óga faoi rioscaí ar líne ar bhealach tacúil agus neamh-bhreithiúnach.
- Cuir cineáltas, meas agus iompar dearfach chun cinn ar líne le daoine óga.

Má úsáidtear na meáin shóisialta nó grúpaí ar líne mar chuid de do chuid oibre

- Roimh ré, ní mór duit a **chinntiú go bhfuil toiliú eolasach tugtha ag tuismitheoirí agus cúramóirí dá leanbh** chun páirt a ghlacadh in aon chumarsáid nó gníomhaíochtaí ar líne a bhaineann le do chlub óige.
- Úsáid cuntais na heagraíochta seachas do chuntas pearsanta féin.
- Cinntigh go bhfuil rochtain ag níos mó ná oibrí óige nó oibrí deonach amháin ar gach cuntas nó grúpa, chun maoirseacht a dhéanamh ar aon teachtaireachtaí nó ábhar a roinnfear.
- Bí soiléir le daoine óga agus a dtuismitheoirí/gcuramóirí faoi chuspóir an ghrúpa nó an ardáin.
- Glac le rialacha agus teorainneacha soiléire a thagann le cód iompair an chlub.
- Coinnigh cumarsáid dírithe ar ghníomhaíochtaí oibre don aos óg amháin.
- Freagair laistigh d'uaireanta oiriúnacha agus seachain cumarsáid mall san oíche.
- Ná húsáid ach gléasanna oibre nuair is féidir.
- Bain ábhar díobhálach nó míchuí nó cuir bac air agus tuairiscigh é trí d'eagraíocht.

Tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga má thagann ábhair imní chun cinn

Má bhíonn duine óg trína chéile, buartha, nó má rinneadh díobháil dó/di mar gheall ar iompraíocht nó ábhar ar líne:

- Spreag iad chun é sin a insint d'oibrí óige nó do dhuine fásta iontaofa.
- Cuidigh leo tuiscint a fháil ar conas bac a chur ar iompraíocht dhíobhálach ar líne, í a bhalbhú nó í a thuairisciú ar an ardán ar leith.
- Glac go dáiríre lena n-ábhair imní agus gníomhaigh i gcomhréir le do bheartas maidir le cumhdach.
- Bí tacúil i do chur chuige agus déan iarracht an fáth a bhfuil siad trína chéile a thuiscint.
- Más gá, cuir ábhair imní in iúl do do Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA).

*****

Ná húsáid ach ardáin cheadaithe shlána agus cumarsáid á déanamh agat le daoine óga ar líne.



Príomhleid:
Déan athbhreithniú ar bheartas sábháilteachta ar líne d'eagraíochta go rialta ionas go mbeidh sé cothrom le dáta le teicneolaíocht agus treochtaí nua.

Tacaíocht Bhreise:
Féach Fan Sábháilte ar Líne: *Daoine Óga a Chumhachtú in éadan Cibearbhulaíochta* ó Chlár Sláinte Óige CNÓ chun tuilleadh eolais a fháil faoi chibearbhulaíocht agus sábháilteacht ar líne.

Leanaí agus Daoine Óga a Iompar

Ní mór tús áite a thabhairt do shábháilteacht gach duine agus iompar á phleanáil nó á sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga.

Prionsabail Ghinearálta:

- Lean beartas iompair d'eagraíochta.
- Faigh toiliú eolasach soiléir ó thuismitheoirí nó ó chúramóirí sula n-iomprófar aon duine óg.
- Bí cinnte go bhfuil tiománaí na feithicle oiriúnach, go bhfuil an ceadúnas cuí aige/aici, agus go bhfuil an t-árachas cuí aige/aici chun daoine a iompar le haghaidh obair íoctha nó obair dheonach.
- Ná húsáid ach feithiclí atá i ndea-chaoi agus atá ródacmhainneach de réir an dlí trí dheimhniú go bhfuil TNG bailí (nó a chomhionann) i bhfeidhm.
- Lean gach dlí maidir le sábháilteacht ar bhóithre, lena n-áirítear criosanna sábhála do gach paisinéir.
- Pleanáil do bhealaí roimh ré, agus fág go leor ama le haghaidh taistil agus trách ta.
- Seachain síoba do dhaoine óga ag an nóiméad deireanach nó nach raibh pleanáilte.

Dea-chleachtas

Is é an dea-chleachtas gan leanbh nó duine óg a iompar ina (h)aonar, ach d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach i gcásanna sonracha i gcás nach bhfuil aon roghanna malartacha sábháilte eile ann. Tá roinnt bearta sábháilteachta ann ba chóir a bhreithniú chun aon riosca a íoslaghdú:

- Tá an leanbh/duine óg, mar aon lena t(h)uismitheoir/c(h)úramóir, ar an eolas faoin socrú taistil agus tugann siad lántoilíocht maidir leis.
- Insíodh díobh cé a bheidh á dtiomáint, cá bhfuil siad ag dul, an fáth a bhfuil sé riachtanach, agus cé eile a rachaidh leo.
- Más féidir, ba chóir do dhuine éigin seachas an tiománaí labhairt leis an leanbh faoi shocruithe iompair lena chinntiú go bhfuil siad sásta leis an bplean.
- Caithfear cóimheasa a choinneáil fós, agus ba chóir don tiománaí iarracht a dhéanamh duine fásta eile a bheith leis/léi don turas.
- Ba chóir an duine a fhágann leanaí sa bhaile sealaíocht a dhéanamh le duine éigin eile. Laghdaíonn sé sin an baol go mbeadh aon duine aonair ina (h)aonar le leanbh i gcónaí.
- Ba chóir go mbeadh pointe teagmhála ag an tiománaí do na tuismitheoirí/cúramóirí i gcás ina mbeadh moill orthu nó dá dteipfeadh ar an bhfeithicil.
- Ba chóir tuismitheoirí/cúramóirí a chur ar an eolas faoi na hamanna teachta measta agus ba chóir a chur in iúl dóibh cathain a shroichfidh a leanbh a gceann scríbe go sábháilte.
- I gcásanna bailiú mall, ba chóir go mbeadh rochtain ag oibrithe óige ar uimhreacha teagmhála do thuismitheoirí/chúramóirí agus uimhir theagmhála mhalartach a chur ar fáil dóibh.

Príomhleid:
Ba chóir d'oibrithe óige agus d'oibrithe deonacha a chinntiú go bhfuil leanaí ar an eolas faoina gcearta agus go bhfuil a fhios acu cé leis ar cheart dóibh teagmháil a dhéanamh chun ábhair imní ar bith a bheadh acu a thuairisciú.

Turas Lae nó Turas Cónaithe a Phleanáil

Le turais lae agus turais chónaithe, tugtar deis do leanaí agus do dhaoine óga eispéiris nua a fháil, muinín a chothú agus cairdeas a chruthú. Tá pleanáil mhaith ríthábhachtach agus cuidíonn sé leis an eispéireas a bheith sábháilte, spraíúil agus cuimsitheach! Ba chóir an méid seo a leanas a chur san áireamh agus tú ag pleanáil:

Maidir leis na daoine óga/na rannpháirtithe:

- Ar ndeachthas i gcomhairle leo faoin turas le linn na gcéimeanna pleanála?
- Ar tugadh spás dóibh a dtuairimí nó a ndearcthaí a chur in iúl maidir leis an turas atá beartaithe agus aon ghníomhaíochtaí gaolmhara?
- Ar socraíodh conradh grúpa maidir leis an iompraíocht a bhfuiltear ag súil leis, agus teorainneacha le haghaidh “am saor” agus iarmhairtí má sháraítear an conradh grúpa?
- Ar tugadh eolas dóibh faoi na rudaí is gá dóibh a thabhairt leo amhail airgead póca, bia/sneaiceanna, nó éadaí oiriúnacha le haghaidh gníomhaíochtaí amhail snámh nó campáil srl.?

Maidir le tuismitheoirí/cúramóirí:

- Ar tugadh cóip de bheartas um chumhdach leanaí na heagraíochta dóibh?
- Ar thug siad toiliú i scríbhinn gur féidir lena leanbh páirt a ghlacadh sa turas?
- Ar thug siad eolas cothrom le dáta duit amhail:
  - A gcuid eolais teagmhála
  - Teagmhálaí éigeandála ar eagla nach féidir leat teacht orthu
  - Sonraí leighis lena n-áirítear tinneas, cógais, ailléirgí nó riachtanais chothaithe dá leanbh?
- An bhfuair siad eolas faoi shonraí an turais, lena n-áirítear amanna bailithe agus fágála?

Maidir le hoibrithe óige:

- An ndearna siad measúnú riosca mar chuid den phróiseas pleanála?
- Ar roghnaigh siad ball foirne/oibrí deonach mar theagmhálaí ainmnithe do thuismitheoirí/chúramóirí?
- Ar chinntigh siad go bhfuil cóimheas cuí daoine fásta le leanaí acu, agus riachtanais na ndaoine óga agus rioscaí na ngníomhaíochtaí le linn an turais á gcur san áireamh?
- Ar sheiceáil siad a n-árachas féin agus ar chinntigh siad go gclúdaítear gach gníomhaíocht faoi?
- Ar sheiceáil siad go bhfuil an t-árachas cuí ag an iompar atá á úsáid, go bhfuil sé ródacmhainneach, agus go bhfuil tiománaithe cáilithe, criosanna sábhála srl. aige?



- Ar chinntigh siad go bhfuil trealamh garchabhrach cuí acu, agus an bhfuil oibrí deonach/ball foirne atá oilte i ngarchabhair ar fáil chun dul ar an turas?
- Ar chinntigh siad go bhfuil plean tánaisteach ann i gcás éigeandála, lena n-áirítear filleadh abhaile go luath?
- Ar chuir siad costais éigeandála i mbuiséad an turais san áireamh?
- An ndearna siad athbhreithniú ar ráiteas ar chumhdach leanaí agus ar an mbeartas agus nósanna imeachta um chumhdach leanaí i láithreacha lasmuigh den láthair?
- Ar smaoinigh siad ar aon áiteanna chun athraithe do na daoine óga, agus an bhfuil siad inrochtana dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise nó atá faoi mhíchumas?
- Ar smaoinigh siad ar roghanna daoine óga aonair le haghaidh áiteanna inscneacha chun athraithe, agus ar aon roghanna cuimsitheacha ar féidir leo leas a bhaint astu?

Má tá siad ag fanacht thar oíche, b'fhéidir go mbeadh ort an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Sceideal maoirseachta idir oibrithe óige i rith an tráthnóna nó na hoíche.
- Aon rioscaí breise bunaithe ar an suíomh nó ar an tsaoráid a bheidh á n-úsáid.
- Cad iad na socruithe codlata a bheidh ann do na daoine óga, agus a roghanna bunaithe ar chéannacht nó ar inscne, nó ar riachtanas aonair maidir le soláthar ar leith á gcur san áireamh.
- Cad iad na socruithe codlata a bheidh ann d'oibrithe óige, agus an mbeidh siad laistigh de raon éisteachta na ndaoine óga nó na leanaí más gá.
- Beartas drugaí agus alcóil an ionaid.
- Maoirseacht an ionaid chomh maith le slándáil na saoráide.
- An bhfuil rochtain fhisiceach ar an lóistín d'aon leanaí nó daoine óga atá faoi mhíchumas nó ag a bhfuil riachtanais bhreise.

*** Cuir daoine óga san áireamh i do phleanáil, agus cinntigh go mothóidh siad go n-éistear leo má bhíonn aon mholtaí nó smaointe acu faoi thurais amach anseo**



Príomhleid:
Ba cheart na cóimheasa idir baill foirne agus daoine óga le haghaidh gníomhaíochtaí lasmuigh den láthair a mhéadú i gcónaí chun gach teagmhas a chlúdach.

Turas Thar Lear a Phleanáil

Is féidir le turais thar lear eispéiris foghlama chumhachtacha a chur ar fáil do dhaoine óga agus do leanaí, ach teastaíonn pleanáil chúramach agus eolas soiléir ina leith dóibh féin agus dá dtuismitheoirí/gcúramóirí araon.

Tá eolas sa chuid roimhe seo (Turas Lae nó Turas Cónaithe a Phleanáil) ba cheart a chur san áireamh agus turais thar lear á bpleanáil. Mar sin féin, tá rudaí tábhachtacha eile ann ar gá smaoineamh orthu agus turas thar lear á phleanáil.

Pleanáil

- Tosaigh ag pleanáil tamall maith roimh an turas.
- Seiceáil na ceanglais maidir le víosaí, pasanna agus iontráil don cheann scríbe/na cinn scríbe a mbeidh do ghrúpa ag tabhairt cuairt orthu.
- Déan taighde ar na dlíthe áitiúla, ar nósanna agus ar ionchais chultúrtha ábhartha agus smaoinigh ar an dóigh a bhféadfadh tionchar a bheith acu sin ar do ghrúpa nó ar na gníomhaíochtaí atá á bpleanáil agat.
- Athbhreithnigh comhairle taistil cothrom le dáta ón Roinn Gnóthaí Eachtracha.
- Sula dtaistealóidh sibh, faigh eolas teagmhála éigeandála cothrom le dáta do thuismitheoirí/chúramóirí gach duine óig.
- Déan teagmháil leis an gcomhlacht árachais chun clúdach cuí don turas a chinntiú.
- Seiceáil clúdach árachais sláinte don tír cinn scríbe i gcás éigeandála.

Dea-Chleachtas

- Cruthaigh measúnú riosca agus smaoinigh ar an dóigh a laghdóidh tú aon rioscaí a shainaithnítear le linn an taistil agus d'ama i dtír eile.
- Smaoinigh an mbeidh cead ag na daoine óga gléasanna pearsanta (m.sh.: iPad, fóin, táibléid, uaireadóirí cliste srl.) a thabhairt leo ar an turas.
  - Tabhair páirt do dhaoine óga sa phlé sin lena dtuairimí a fháil.
  - Socraigh teorainneacha leo maidir le húsáid gléasanna pearsanta.
  - Socraigh pleananna cumarsáide soiléire leis na daoine óga agus lena dtuismitheoirí/gcúramóirí.
- Téigh i gcomhairle le do Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus cuir sonraí an turais in iúl dóibh ionas go mbeidh siad ar fáil chun teagmháil a dhéanamh leo má thagann ábhar imní maidir le cumhdach chun cinn.
- Ceap bainisteoir/oibrí óige nó oibrí deonach mar theagmhálaí baile le linn an turais i gcás ina dtiocfadh fadhb chun cinn lena mbeadh gá le tacaíocht chun lóistíocht a atheagrú, teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/cúramóirí, nó idirchaidreamh a dhéanamh le tacaíochtaí in Éirinn.
- Seiceáil rochtain ar ospidéil, stáisiúin póilíní, seirbhísí éigeandála, clinicí fiaclóireachta, cógaslanna srl. agus suíomh na n-áiteanna sin.
- Cruthaigh liosta teagmhála do na seirbhísí thuas i gcás éigeandála agus roinn é sin leis na hoibrithe óige/oibrithe deonacha a bheidh ag dul ar an turas.

Príomhleid:
Ba cheart na cóimheasa idir baill foirne/oibrithe deonacha agus daoine óga le haghaidh gníomhaíochtaí lasmuigh den láthair a mhéadú i gcónaí chun gach teagmhas a chlúdach.

Eolas do thuismitheoirí/chúramóirí

- Cuspóir an turais.
- Ceann scríbe, dátaí agus amanna an taistil.
- Sonraí iompair, amhail aerfoirt/stáisiúin, amanna agus fad eitilte/traenach.
- Sonraí an lóistín san áit a mbeidh an grúpa ag fanacht agus socruithe codlata.
- Socruithe maoirseachta, amhail an "t-am saor" a comhaontaíodh a d'fhéadfadh a bheith ag na daoine óga agus aon ghníomhaíochtaí grúpa éigeantacha atá beartaithe.
- Ionchais iompraíochta agus sibh ag taisteal isteach sa tír agus amach aisti, go háirithe i gcás ina bhfuil dlíthe nó nósanna éagsúla i bhfeidhm.
- Ba chóir cúrsa taistil mionsonraithe an turais a ullmhú agus a roinnt.
- Comhchruthaigh liosta pacála molta leis an ngrúpa bunaithe ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus an ceann scríbe agus roinn é.
- Ba chóir sonraí teagmhála na n-oibrithe óige/na n-oibrithe deonacha a bheidh ag dul ar an turas agus plean cumarsáide soiléir ina leagtar amach cá huair is ceart dóibh a bheith ag súil go dtabharfar nuashonruithe.

Le linn an turais

- Coinnigh taifid laethúla tinrimh, maoirseachta agus teagmhas.
- Cinntigh go mbeidh a fhios ag na daoine óga conas cuidiú a fháil má mhothaíonn siad go bhfuil siad i gcontúirt nó má bhíonn siad tinn.
- Roinn sonraí teagmhála d'oibrithe óige/d'oibrithe deonacha ar an turas le daoine óga i gcás go scarfadh duine éigin ón ngrúpa nó go gcaillfí duine éigin.
- Socraigh áiteanna cruinnithe i gcás go scarfadh an grúpa ó chéile nó go gcaillfí duine éigin.
- Roinn an cúrsa taistil leis na daoine óga ionas go mbeidh a fhios acu cad a bheidh rompu gach lá.
- Déan cumarsáid rialta leis na tuismitheoirí/cúramóirí faoi fholláine a linbh.
- Déan teagmháil rialta le comhoibrithe óige agus leis an ngrúpa daoine óga.
- Cinntigh go gcuirfear gach duine ar an eolas faoi aon athruithe gan choinne ar phleananna agus smaoinigh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar dhaoine óga.
- Coinnigh gach pas agus doiciméad taistil in áit shábháilte.
- Bíodh plean soiléir agat maidir le tinneas, gortú nó éigeandálaí.

Cuimhnigh an méid seo a leanas a sheiceáil sula dtaistealóidh sibh

- Go bhfuil cóipeanna de dhoiciméid agus d'uimhreacha pas ag na hoibrithe óige sa bhaile agus as baile.
- Clúdach árachais do gach gné den taisteal.
- Airgeadra, aeráid, criosanna ama, difríochtaí cultúrtha srl.
- Má bhíonn aon fhadhbanna ag tarlú sa cheantar áitiúil a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an turas m.sh. agóid, círéibeacha le déanaí srl.
- Difríochtaí dlíthiúla m.sh. ól, aois toilithe, drugaí srl.
- An bhfuil vacsaíní riachtanach.
- Tá pleananna teagmhais ann maidir le filleadh abhaile i gcás cur isteach ar thaisteal.

Ag Obair le Leanaí agus Daoine Óga ag a bhfuil Riachtanais Bhreise nó atá faoi Mhíchumas

De réir Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas, tá ceart bunúsach ag daoine faoi mhíchumas a bheith páirteach go hiomlán san oideachas, i saol an phobail agus i gcinnteoireacht, ar bhonn comhionann le daoine eile. Is é sin daoine óga freisin!

D'fhéadfadh go mbeadh tuilleadh tacaíochta de dhíth ar leanaí agus dhaoine óga áirithe chun bheith páirteach go hiomlán. Ba chóir go mbeadh clubanna óige cuimsitheach do chách agus ba chóir dóibh fáilte a chur roimh chách. Lena chinntiú go dtabharfar tacaíocht chuí do gach leanbh nó duine óg atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais bhreise aige/aici, ba chóir an méid seo a leanas a chur san áireamh:

Seirbhísí oibre don aos óg

- Seachain tuairimí atá bunaithe ar dhiagnóis duine óig agus bíodh a fhios agat go mbíonn difríochtaí móra idir riachtanais agus láidreachtaí.
- Bíodh meas agat ar neamhspleáchas agus ar phríobháideacht an linbh/duine óig.
- Glac lena c(h)umas agus tacaigh leis an leanbh/duine óg chun roghanna eolasacha a dhéanamh, ar aon dul lena dtuiscint.
- Pléigh an é an t-oibrí óige nó an t-oibrí deonach an duine is oiriúnaí chun aon tacaíocht bhreise a theastaíonn a sholáthar.
- Bain úsáid as modhanna cumarsáide soiléire, inrochtana agus solúbtha.
- Tabhair am breise chun eolas a phróiseáil agus chun freagairt.
- Seiceáil tuiscint gan brú a chur ar an leanbh/duine óg freagairt ar bhealach áirithe.
- Seisiúin oiliúna agus faisnéise a chinntiú don fhoireann ar thopaicí ábhartha amhail feasacht ar mhíchumas agus ar néara-éagsúlacht.
- A chinntiú go bhfuil neamh-idirdhealú agus socrú réasúnta leabaithe sna beartais, sa chleachtas agus sa chultúr.

Daoine óga agus a dtuismitheoirí/gcúramóir

- Labhair leis an duine óg faoin tacaíocht a theastaíonn uaidh/uaithi agus faoi bhacainní ar rannpháirtíocht agus tabhair páirt ghníomhach dóibh in aon chinnteoireacht ina leith sin.
- Féach leis an méid seo a leanas a thuiscint:
  - Roghanna cumarsáide
  - Íogaireacht chéadfach
  - Siocracha, strusairí, riachtanais rialaithe
  - Straitéisí tacaíochta a oibríonn go maith
- Labhair lena dtuismitheoirí/gcúramóirí chomh maith faoi thacaíochtaí breise a d'fhéadfadh a bheith de dhíth orthu nó faoi bhacainní ar rannpháirtíocht.
- Bí tuisceanach agus soiléir i do chumarsáid leis an duine óg, agus iarr a t(h)uairimí go gníomhach más féidir agus socruithe á ndéanamh dó/di.

An Timpeallacht

- An bhfuil an foirgneamh inrochtana go fisiceach do chathaoireacha rothaí, gléasanna soghluaisteachta, daoine atá ar chroisíní, srl.?
- An bhfuil na gníomhaíochtaí oiriúnach do leanaí agus do dhaoine óga de gach cumas ionas go mbraithfidh gach duine gur féidir leo páirt a ghlacadh ar bhealach fiúntach?
- Smaoinigh ar thorann, soilsiú, plódú, spreagadh amhairc.
- An bhfuil rochtain ann ar spásanna ciúine nó rialaithe?
- Cuir eolas ar fáil faoi ghníomhaíochtaí, athruithe nó aistrithe chun imní a laghdú.
- Cuir solúbthacht ar fáil i rannpháirtíocht (m.sh. sosanna, rogha an diúltaithe, suíocháin nó formáidí éagsúla).

Cúram Dlúthphearsanta/Pearsanta

- Nuair is gá tascanna pearsanta a dhéanamh, ní mór plé a dhéanamh leis an leanbh/duine óg agus lena t(h)uismitheoirí/c(h)úramóirí.
- Ba chóir toiliú an linbh/duine óig a iarraidh i gcónaí.
- Ní mór íogaireacht agus discréid a léiriú agus aon tascanna cúraim phearsanta á ndéanamh, ag coinneáil leas an linbh i gcuimhne i gcónaí.
- Níor chóir d'oibrí óige ná d'oibrí deonach aon tasc cúraim de chineál pearsanta is féidir le leanbh nó duine óg a dhéanamh dóibh féin a dhéanamh.
- B'fhéidir gur fearr le leanaí agus daoine óga a bheith i gcuideachta oibrithe óige dá n-inscne féin i ndáil le leithris nó le seomraí folctha. Níor chóir neamhaird a thabhairt den rogha sin agus ní mór urraim a thabhairt di nuair atá sé sábháilte agus praiticiúil.

*** D'fhéadfadh sé go mbraitheann leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu nó atá faoi mhíchumas níos mó ar dhaoine fásta ná ar leanaí eile dá gcúram agus dá sábháilteacht. Tá íogaireacht agus cumarsáid shoiléir thar a bheith tábhachtach.**

Príomhleid:
Ba chóir d'oibrithe óige meas a bheith acu ar cheart an duine óig chun príobháideachta agus dínite agus páirt a thabhairt dóibh in aon phróiseas cinnteoireachta.



Ag Obair i gComhar le hEagraíochtaí Eile

Is minic a oibríonn clubanna óige i gcomhar le heagraíochtaí ar chomhchodanna oibre m.sh. turais, comórtais, gníomhaíochtaí oideachais srl. Tacaíonn dea-chomhoibriú le foghlaim, sábháilteacht agus folláine daoine óga. Is iad seo a leanas roinnt treoirlínte chun tacú leat oibriú i gcomhar le heagraíochtaí nó grúpaí eile.

Sula n-oibreoidh sibh le chéile:

- Socraigh róil agus freagrachtaí go soiléir, chomh maith le sonraí na gníomhaíochta nó an imeachta.
- Déan measúnú riosca cumhdaigh le chéile chun aon rioscaí a shainaithint, agus socraigh conas a laghdófar iad, agus cé a bheidh freagrach as sin.
- Cinntigh go dtuigeann na heagraíochtaí agus na daoine fásta uile atá páirteach a bhfreagrachtaí maidir le cumhdach agus go n-aontaíonn siad cad iad na beartais agus na nósanna imeachta a gcloífear leo le linn na gníomhaíochta.
- Iarr ar chóipeanna de ráiteas ar chumhdach leanaí na n-eagraíochtaí eile, agus den bheartas um chumhdach leanaí (más gá).
- Seiceáil go bhfuil na daoine fásta uile atá páirteach oiriúnach chun oibriú le leanaí/daoine óga, go bhfuil grinnfhiosrúchán cothrom le dáta déanta ag na Gardaí orthu agus go bhfuil an oiliúint ábhartha maidir le cumhdach déanta acu de réir mar is gá.
- Ainmnigh príomhdhuine teagmhála do gach eagraíocht/grúpa agus socraigh a ról agus a bhfreagracht i ndáil le hábhair imní maidir le cosaint leanaí a thuairisciú.
- Socraigh cén Cód Iompair a leanfar, do dhaoine fásta agus do leanaí/dhaoine óga araon, nó cinn an gá cód ar leith a chruthú agus tú ag obair le chéile.
- Smaoinigh ar an dóigh a roinnfear eolas idir grúpaí sula dtosóidh an obair, agus an mbeidh príomhtheagmhálaí i ngach grúpa.
- Sceidealaigh cruinnithe teagmhála idir an chomhobair agus le linn na comhoibre ag eatraimh rialta de réir mar is gá.
- Coinnigh taifid scríofa de gach socrú agus plean.
- Roinn eolas ábhartha faoin ngníomhaíocht nó faoin obair atá ar siúl le tuismitheoirí/cúramóirí, chomh maith le leanaí agus daoine óga.
- Smaoinigh ar shaincheisteanna praiticiúla amhail iompar, árachas, toiliú tuismitheora nó cúramóra, agus freagracht as maoirseacht.

*** Cuidíonn socruithe soiléire agus dea-chumarsáid le mearbhall a sheachaint agus tacaíonn siad le hobair foirne níos fearr idir eagraíochtaí agus grúpaí.**

Agus sibh ag obair le chéile:

- Roinn sceidil agus pleananna gníomhaíochta roimh ré.
- Soiléirigh cé leis ar chóir teagmháil a dhéanamh má athraíonn pleananna.
- Fan i dteagmháil rialta le heagraíochtaí comhpháirtíochta más gá.
- Cinntigh go bhfuil maoirseacht shábháilte agus chomhsheasmhach le haghaidh aon imeachtaí nó gníomhaíochtaí.
- Cinntigh go dtuigeann gach grúpa cé atá freagrach as gach leanbh nó duine óg i gcónaí.
- Coigeartaigh pleananna ar bhealach freagrach má athraíonn rioscaí.
- Taifead aon teagmhais agus ábhair imní ar aon dul leis na beartais agus na nósanna imeachta comhaontaithe.

I ndiaidh dóibh a bheith ag obair le chéile:

- Déan athbhreithniú ar an dóigh ar éirigh leis an ngníomhaíocht le chéile.
- Tabhair faoi deara an méid ar éirigh go maith leis, agus cad is féidir a fheabhsú amach anseo.
- Nuashonraigh socruithe maidir le hobair amach anseo de réir mar is gá.
- Téigh i gcomhairle leis na leanaí nó na daoine óga a ghlac páirt, faigh a dtuairimí agus a n-aiseolas ar a bhain siad sult as, conas a mhothaigh siad faoi bheith ag obair le chéile, agus aon rud a d'fhéadfaí a fheabhsú, dar leo.



Príomhleid:
Cuir róil, freagrachtaí agus sonraí teagmhála gach eagraíochta i scríbhinn sula dtosóidh an ghníomhaíocht.

Grianghrafadóireacht agus Físghrafaíocht

D'fhéadfadh grianghraif agus físeáin a bheith ina mbealach dearfach chun gníomhaíochtaí a cheiliúradh agus chun éachtaí na leanaí agus na ndaoine óga i do chlub óige a roinnt. D'fhéadfaí ábhair imní faoi phríobháideacht agus faoi shábháilteacht teacht chun cinn leo freisin mura n-úsáidtear go cúramach iad.

Agus grianghraif nó físeáin á nglacadh:

- Cinntigh gur thug na tuismitheoirí/cúramóirí, chomh maith leis an leanbh/duine óg toiliú scríofa.
- Mínigh go soiléir an fáth a bhfuil grianghraif nó físeáin á nglacadh, conas a úsáidfidh an club óige iad, agus cá háit a roinnfear iad.
- Ná glac ach íomhánna a léiríonn na gníomhaíochtaí ar bhealach dearfach agus measúil.
- Ná glac íomhánna a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le náire nó anacair, nó leis an duine óg a chur i mbaol.
- Ná glac grianghraif ná físeáin i seomraí chun athraithe, i leithris ná i spásanna príobháideacha.

Toiliú agus úsáid a bhainistiú:

- Ba chóir go mbeadh sé soiléir i bhfoirmeacha toilithe cá háit is féidir íomhánna a úsáid, amhail ar shuíomhanna gréasáin nó ar na meáin shóisialta, agus i dtuairiscí nó in ábhair cur chun cinn ón eagraíocht agus ó aon chomhlachtaí maoinithe.
- Ba chóir saor-rogha a thabhairt do dhaoine óga agus ba chóir a dtuairimí a urramú mura mian leo a bheith in aon íomhánna nó físeáin.
- Is féidir toiliú a tharraingt siar tráth ar bith, agus ba chóir é sin a mhíniú do thuismitheoirí agus do chúramóirí chomh maith le daoine óga.

Trealamh agus rochtain:

- Ná húsáid ceamaraí agus gléasanna pearsanta, agus bain úsáid as ceamara eagraíochtúil nó grúpa ainmnithe más féidir.
- Cuir teorainn le rochtain ar na híomhánna do bhaill foirne nó d'oibrithe deonacha ainmnithe amháin.
- Stóráil na híomhánna go slán ar aon dul leis na beartais um chosaint agus um chumhdach.

*** Bí soiléir i gcónaí faoi thoiliú, cuspóir, agus cé is féidir rochtain a fháil ar ghrianghraif agus ar fhíseáin ina bhfuil leanaí agus daoine óga i do chlub óige.**

Íomhánna agus físeáin a roinnt:

- Ná roinn íomhánna ach trí chainéil agus ardáin atá ceadaithe ag an eagraíocht agus atá tugtha chun suntais i d'fhoirmeacha toilithe.
- Ná roinn íomhánna le tríú páirtithe, amhail comhlachtaí maoinithe nó eagraíochtaí eile, gan cead soiléir roimh ré.
- Ná lig d'aíonna ná do chuairteoirí grianghraif ná físeáin a ghlacadh murar socraíodh é sin roimh ré agus murar bhfuil toiliú sonrach ann.

Príomhleid:
Bain úsáid as ceamara eagraíochtúil ainmnithe agus coinnigh taifead soiléir ar rochtain chun mearbhall nó mí-úsáid a sheachaint.

Cuireadh a Thabhairt d'Aíonna agus do Chainteoirí

Is féidir le haíonna agus le cainteoirí foghlaim agus rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a fheabhsú trí dhearcthaí, eolas agus inspioráid nua a chur ar fáil. Mar sin féin, tá sé riachtanach pleanáil chúramach agus ceisteanna um chumhdach a chur san áireamh.

Nuair a thugann tú cuireadh d'aíonna agus do chainteoirí

- Tá sé tábhachtach go ndéanfá measúnú riosca roimh ré chun na rioscaí lena mbaineann a mheasúnú, conas na rioscaí seo a bhainistiú, agus cé atá freagrach.
- Cinntigh go ndearnadh grinnfhiosrúchán an Gharda síochána orthu ar aon dul le do bheartas um chumhdach leanaí, do bheartas um ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus reachtaíocht maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.
- Cuir eolas soiléir ar fáil don aoi nó don chainteoir faoi luachanna, éiteas agus cleachtais an chlub.
- Roinn do bheartas um chumhdach leanaí leo agus leag béim ar chleachtais shonracha amhail gan a bheith i d'aonar le haon daoine óga nó leanaí, nó ionchais maidir le húsáid teanga.
- Roinn do Chód Iompair do bhaill foirne agus d'oibrithe deonacha agus iarr orthu é sin a leanúint nuair a bheidh siad ag caidreamh le leanaí/daoine óga agus iad i do sheirbhís.
- Tabhair an cúram d'oibrí óige bheith freagrach as fáilte a chur roimh an aoi agus as a chinntiú go ndéanfar maoirseacht orthu i gcónaí agus iad i gcuideachta na leanaí nó na ndaoine óga.
- Cuir aon riachtanais bhreise a d'fhéadfadh a bheith ag na daoine óga in iúl dóibh, ionas gur féidir bearta a dhéanamh chun go mbeidh siad páirteach go hiomlán sa chur i láthair nó sa ghníomhaíocht.
- I gcás ina bhfuil na topaicí íogair, cinntigh go ndéanfar iad a phlé ar bhealaí measúla aoisoiriúnacha a thacaíonn le cuimsiú agus folláine.
- Ná ceadaigh don aoi ná don chainteoir grianghraif ná físeáin a ghlacadh gan toiliú soiléir ó na daoine óga agus a dtuismitheoirí/gcúramóirí, mar aon le sonraí faoin úsáid a bhféadfaí a bhaint as na híomhánna.
- Iarr aiseolas ó leanaí/dhaoine óga roimh an gcuairteoir a bheith ann agus ina dhiaidh sin chun a (h)ábharthacht agus a t(h)ionchar a mheas.
- Tá sé tábhachtach go mothóidh leanaí/daoine óga go n-éistear leo sula ndéanfar aon chinneadh aoi nó cainteoir a thabhairt isteach i d'ionad.

Príomhleid:
Sula dtiocfaidh siad, tabhair forléargas gairid i scríbhinn do na haíonna agus do na cainteoirí maidir le do nósanna imeachta um chumhdach agus ar an dóigh a bhfuiltear ag súil go n-iompróidh siad iad féin agus a mbeidh siad ag caidreamh le daoine óga.

Acmhainn Bhreise:
Féach ar acmhainn CNÓ: 'Rannpháirtíocht Níos Cróga Níos Sábháilte' le haghaidh comhairle agus treoir níos cuimsithí.

Eolas, Acmhainní agus Oiliúint

Eolas

- Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chumhdach agus faoi chosaint leanaí in obair óige ó Chlár Náisiúnta um Chosaint Leanaí CNÓ, tabhair cuairt ar www.childprotection.ie
- Chun eolas ginearálta a fháil faoi chosaint agus faoi chumhdach leanaí, chomh maith le sonraí teagmhála do ranna oibre sóisialta áitiúla, tabhair cuairt ar www.tusla.ie.
- Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Roinn Oideachais agus Óige ag https://www.gov.ie/en/department-of-education/.

Acmhainní

Acmhainní ó CNÓ

- Tús Áite do Leanaí: Treoir maidir le Cur Chun Feidhme san Obair Óige
- Foireann Uirlisí maidir le Beartas um Chumhdach Leanaí a Fhorbairt
- Treoir maidir le Mí-Úsáid idir Piaraí: Tacú le hOibrithe Óige le Freagairt ar bhealach Éifeachtach
- Fan Sábháilte ar Líne: Daoine Óga a Chumhachtú in éadan Cibearbhulaíochta
- Fuath i Suíomhanna Oibre Óige a Bhunathrú
- 8 gCéim Chuig Obair Óige Chuimsitheach
- Rannpháirtíocht Níos Cróga Níos Sábháilte

Acmhainní ó Tusla

- Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017
- Liosta Acmhainní maidir le Cumhdach Leanaí
- An Suíomh gréasáin 'Changing Futures', do dhaoine óga arna dhéanamh ag daoine óga a bhfuil baint acu le seirbhísí Tusla
- Seirbhís Eolais agus Comhairle um Thús Áite do Leanaí
- Líonraí Tacaíochta do Leanaí agus do Theaghlaigh

Oiliúint

Oiliúint ó CNÓ

- An Clár um Chosaint Leanaí
  - Clár Feasachta ar Chosaint Leanaí
  - Oiliúint ar Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe
  - Oiliúint maidir le freagairt do Nochtaí
  - Oiliúint maidir le Tuismitheoirí/Cúramóirí a Chur ar an Eolas faoi Ábhair Imní
  - Gearáin agus Líomhaintí a Bhainistiú
  - Seisiún Faisnéise do Bhoird Bainistíochta maidir le Tús Áite do Leanaí



- Clár Sláinte don Aos Óg
  - Daoine Óga agus Pornagrafaíocht a Thuiscint
  - Ríomhfhoghlaim maidir le hOideachas Caidrimh agus Folláine Gnéasachta i Ríomhfhoghlaim Earnáil na hOibre don Ógra
- Obair Óige Dhomhanda
  - Réamheolas maidir le hObair Óige Dhomhanda
- Comhionannas agus Idirchultúrachas
  - Fuath i Suíomhanna Oibre Óige a Bhunathrú
  - Oiliúint ar na 8 gCéim Chuig Obair Óige Chuimsitheach

Oiliúint ó Tusla

- Clár Ríomhfhoghlama do Thús Áite do Leanaí
- Modúl ríomhfhoghlama an Duine ar Tugadh Sainordú Dó/Di

Ceisteanna

- Is féidir teagmháil a dhéanamh le Clár Náisiúnta um Chosaint Leanaí CNÓ le haon cheisteanna maidir le bheith ag obair go sábháilte le daoine óga trí ghlaoch a chur ar 01 425 5933.
- Má tá imní ort faoi dhuine óg, tá sé an-tábhachtach go ndéanfá ceann amháin de na bearta seo a leanas:
  - Tuairiscigh d'ábhar imní do do Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) laistigh de d'eagraíocht.
  - Mura bhfuil DIA agat, tuairiscigh é go díreach do d'oibrí sóisialta áitiúil ar dualgas in Tusla.
  - I gcás éigeandála, nó mura bhfuil oibrí sóisialta ar fáil, déan teagmháil le do stáisiún Gardaí áitiúil chun labhairt le ball den Gharda Síochána.

Tuilleadh Eolais agus Tacaíochta

Cuireann na heagraíochtaí thíos faisnéis, comhairle, oiliúint, agus tacaíocht bhreise ar fáil.

- Hotline.ie
- CyberSafeKids
- Webwise
- AsIAm
- Cuimsiú Éireann
- Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann
- Belong To
- Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann
- Comhairle Dídeanaithe na hÉireann
- Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC)
- Oifig an Ombudsman Do Leanaí
- An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí



Nótaí

Nótaí



National Youth Council of Ireland

3 Sráid Montague
Baile Átha Cliath 2
Éire
D02 V327
info@nyci.ie
+353 (0) 1 478 4122
www.youth.ie